AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 15.12.2015
COM(2015) 670 final

2015/0307 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán Uimh. 562/2006 (CE) a fhad a bhaineann le hathneartú seiceálacha i mbunachair shonraí ábhartha ag teorainneacha seachtracha

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is éard atá sa togra seo leasú spriocdhírithe ar Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), leasú arb é is aidhm leis an tslándáil a neartú laistigh den limistéar nach ndéantar rialú inmheánach teorann ann. Is freagairt é an togra seo ar an iarratas a rinneadh ar an gCoimisiún i gConclúidí na Comhairle dar dáta an 9 agus an 20 Samhain "togra a thíolacadh maidir le hathbhreithniú spriocdhírithe a dhéanamh ar Chód Teorainneacha Schengen chun foráil a dhéanamh do rialuithe córasacha ar náisiúnaigh an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear faisnéis bhithmhéadrach a fhíorú i mbunachair shonraí ábhartha ag teorainneacha seachtracha limistéar Schengen, agus leas iomlán á bhaint as réitigh theicniúla ionas nach gcuirfear bac ar ghluaiseacht".

Tá an togra ceaptha oibleagáid a chur ar na Ballstáit seiceálacha córasacha a dhéanamh i leith daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais (i.e. saoránaigh den Aontas agus daoine dá dteaghlach nach saoránaigh den Aontas iad) agus iad ag taisteal thar theorainneacha seachtracha, seiceálacha i mbunachair shonraí ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh agus a cailleadh agus, ina theannta sin, fíorú a dhéanamh nach bagairt na daoine sin don ord poiblí ná don tslándáil inmheánach. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le gach teorainn sheachtrach, is é sin gach teorainn aeir, farraige agus talún, ar theacht isteach agus ar imeacht do dhaoine. Mar sin féin, más amhlaidh a d'fhéadfadh tionchar díréireach ar an sreabhadh tráchta ag an teorainn a bheith mar thoradh ar sheiceáil chórasach a dhéanamh i mbunachair shonraí i leith gach duine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige, féadfaidh na Ballstáit gan ach seiceálacha spriocdhírithe a dhéanamh sna bunachair shonraí ar choinníoll go léireodh measúnú riosca nach dtiocfaidh rioscaí as sin don tslándáil inmheánach, don bheartas poiblí, ná do chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit agus nach dtiocfaidh bagairt don tsláinte phoiblí as.

Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit seiceáil a dhéanamh go córasach i ngach bunachar sonraí i leith náisiúnaigh tríú tír, ar dhul isteach do na daoine sin, ach má tá, níl aon oibleagáid sna forálacha atá ann i láthair na huaire seiceáil chórasach a dhéanamh ar dhul amach dóibh ar chúiseanna a bhaineann leis an ord poiblí agus leis an tslándáil inmheánach. Fágfaidh an leasú atá beartaithe go mbeidh sé d'oibleagáid seiceáil chórasach a dhéanamh ar dhul amach do náisiúnaigh tríú tír freisin, d'fhonn a fhíorú nach bagairt don bheartas poiblí ná don tslándáil inmheánach iad.

Is freagairt an togra seo ar mhéadú na bagartha sceimhlitheoireachta san Eoraip, bagairt a léirigh na hionsaithe i bPáras, i gCóbanhávan agus sa Bhruiséil, ach ina theannta sin tá sé ceaptha dul i ngleic le gach riosca a d'fhéadfadh a bheith ann don tslándáil phoiblí.

Ní d'aon Bhallstát ar leith atá an bhagairt sceimhlitheoireachta teoranta agus ní as tosca seachtracha amháin atá an bhagairt sin ag eascairt. Is údar mór imní i gcónaí é feiniméan na dtrodaithe sceimhlitheoireachta eachtracha. Tá ag méadú i rith an ama ar an líon saoránach den Aontas Eorpaigh a bhíonn ag taisteal chun na Siria agus chun na hIaráice chun tacú le grúpaí sceimhlitheoireachta. Meastar gur imigh oiread le 5 000 saoránach den Aontas chun na

limistéar ina bhfuil coinbhleacht[1], agus gurb é rud is dóichí go ndeachaigh siad isteach i bhfórsaí an ghrúpa dá ngairtear an Stát Ioslamach. Go leor de na daoine a bhí páirteach sna hionsaithe sceimhlitheoireachta a tharla le tamall anuas – ó bhí Eanáir 2015 ann, tráth an ionsaithe ar Charlie Hebdo – chuir siad fúthu sna limistéir atá faoi cheannas na n-eagraíochtaí sceimhlitheoireachta, sin nó cuireadh oiliúint orthu sna limistéir sin. In 2014 rinneadh tosaíocht de shainaithint daoine a bhíonn ag taisteal isteach agus amach as limistéir choinbhleachta agus rún acu tacú le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta, agus an taisteal sin a chosc orthu. Thacaigh an Coimisiún riamh le neartú chreat Schengen trí mholtaí a eisiúint arb é ab aidhm dóibh seiceálacha teorann a fheabhsú laistigh den chreat dlí atá ann i láthair na huaire. Sa chomhthéacs sin, agus i bhfianaise an Ráitis maidir le sceimhlitheoireacht a d'eisigh Comhairle Eorpach neamhfhoirmeálta an 12 Feabhra 2015 agus i bhfianaise chonclúidí na hUachtaránachta a tháinig as Chomhairle Mhárta 2015[2], chuir an Coimisiún i dtábhacht arís gur féidir agus gur gá neartú a dhéanamh ar na seiceálacha a dhéantar i leith daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus na seiceálacha sin a dhéanamh go córasach i gcás daoine atá i gcatagóir riosca ar leith. Dá thoradh sin, leasaíodh an Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann i Meitheamh 2015[3].

Ina theannta sin, faoi mar a fógraíodh sa Chlár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil, i Meitheamh 2015 chuir an Coimisiún bailchríoch ar thacar de chomhtháscairí riosca maidir le trodaithe sceimhlitheoireachta eachtracha, an chéad tacar dá shaghas, a chuideoidh le gardaí teorann seiceálacha a dhéanamh[4].

Léiríonn feiniméan na dtrodaithe eachtracha nach mór, chun ardleibhéal slándála a chinntiú laistigh den limistéar nach ndéantar rialuithe ann ag teorainneacha inmheánacha, nach mór seiceálacha córasacha a dhéanamh i leith daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais Eorpaigh.

Ina theannta sin, athneartóidh an togra seo na seiceálacha is gá a dhéanamh ar na haitheantóirí bithmhéadracha a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle. Leis an Rialachán sin tugadh isteach íomhá den aghaidh agus méarloirg mar ghnéithe slándála i bpasanna an Aontais Eorpaigh d'fhonn iad a dhéanamh níos sláine agus nasc iontaofa a dhéanamh idir an sealbhóir agus an pas. Dá bhrí sin, i gcás amhras faoi bharántúlacht an phas nó faoi dhlisteanacht an tsealbhóra, ba cheart do ghardaí slándála na haitheantóirí bithmhéadracha sin a fhíorú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana sa réimse beartais seo**

Leis an leasú atá beartaithe cinnteofar an méid seo a leanas:

1) déanfar seiceáil chórasach i leith cuid doiciméad daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, déanfar sin i mbunachair shonraí ábhartha ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh, a mí-leithghabháladh, a cailleadh agus rinneadh neamhbhailí, chun cosc a chur ar dhaoine a bheith ag ceilt a bhfíorchéannachta;

---

1 Féach Europol, TE-SAT 2015.

2 Toradh an 3376ú Cruinniú den Chomhairle, 7178/15 (Béarla a bhuntheanga) PRESSE 21 PR CO 13

3 C(2015) 3894 final

4 Is ar threochtaí taistil, ar phatrúin agus ar shaintréithe na ndaoine sin a bunaíodh an liosta. Úsáideadh faisnéis a thug na Ballstáit, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, Europol agus Frontex agus an liosta á chur i dtoll a chéile.

2) déanfar seiceáil chórasach i mbunachair shonraí ábhartha i leith daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, ar chúiseanna a bhaineann leis an ord poiblí agus leis an tslándáil inmheánach.

De bharr a leithéid de theaglaim de sheiceálacha córasacha i leith doiciméad agus daoine a dhéanamh i mbunachair shonraí ábhartha, féadfar sinéirgíochtaí a bhaint amach sa chóras, rud nach bhfuil indéanta faoi láthair de dheasca dhá ní nach bhfuil ag teacht le chéile, is é sin, an fhéidearthacht seiceálacha córasacha a dhéanamh i leith doiciméad, ar thaobh, agus ar an taobh eile, seiceálacha neamhchórasacha a bheith á dhéanamh ar chúiseanna slándála. Tá an leasú atá beartaithe ag luí le ceann de na cuspóirí atá ag na seiceálacha teorann, is é sin cosc a chur ar bhagairtí do shlándáil inmheánach agus do bheartas poiblí na mBallstát.

Ina cheann sin, leathnóidh an togra seo an oibleagáid seiceáil a dhéanamh sa chaoi is go gcaithfear seiceáil a dhéanamh i leith náisiúnaigh tríú tír, agus iad ag dul amach, chun a fhíorú nach bagairt don ord poiblí ná don tslándáil inmheánach iad.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

I ndiaidh theacht i bhfeidhm an leasaithe, beidh Cód Teorainneacha Schengen fós i gcomhréir leis an gceart chun saorghluaiseachta a ráthaíonn an Conradh, agus a bhfuil tuairisc mionsonraithe air i dTreoir 2004/38/CE.

Na bearta a dhéanfar ag teorainneacha de thoradh an leasaithe seo, is é sin seiceálacha a dhéanamh i mbunachair shonraí ar chúiseanna slándála, ní dhéanfaidh siad aon difear do na cearta chun saorghluaiseachta atá ag saoránaigh den Aontas Eorpach agus ag daoine dá dteaghlaigh de bhua an Chonartha agus Threoir 2004/38/CE, arae ní thugann siad an ceart do dhaoine gan dul faoi seiceálacha slándála ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh.

Maidir leis na bearta is féidir le gardaí teorann a dhéanamh ar bhonn thorthaí nó 'amas' na seiceálacha sna bunachair shonraí, ceadaíonn forálacha Chaibidil VI de Threoir 2004/38/CE do na Ballstáit srian a chur ar na cearta chun saorghluaiseachta atá ag saoránaigh den Aontas agus ag daoine dá dteaghlach ar chúiseanna a bhaineann leis an mbeartas poiblí nó leis an tslándáil inmheánach, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na cosaintí ábhartha agus nós imeachta atá leagtha amach sa Treoir sin, i gcomhréir le léirmhíniú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. I gcás amas a fháil, is iad na rialacha ar thagair an Chúirt Bhreithiúnais dóibh i mbreithiúnas C-503/03 an Coimisiún v an Spáinn, agus atá leagtha amach go mionsonrach freisin i Lámhleabhar SIRENE, is iad na rialacha sin is ceart a chur i bhfeidhm.

Ós rud é gur ar bhonn amas a fháil nó gan amas a fháil a fheidhmíonn na bunachair shonraí a ndéantar cuardaigh iontu, agus ós rud é nach gcláraítear na cuardaigh agus nach ndéantar aon phróiseáil eile orthu, is beag an tionchar ar chearta sonraí pearsanta a bheidh ag seiceálacha córasacha i leith daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta, tionchar a bhfuil údar leis i ngeall ar na cuspóirí slándála atáthar ag iarraidh a bhaint amach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús Dlí**

Is é Airteagal 77(2)(d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh bunús dlí an togra.

Leis an togra seo leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) a bhí

bunaithe ar fhorálacha coibhéiseacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, i.e. Airteagal 62(1) (teorainneacha inmheánacha) agus (2)(a) (teorainneacha seachtracha) faoi seach.

- **Coimhdeacht**

Tá gníomhaíocht i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais ar cheann de na réimsí ina roinntear inniúlacht idir an tAontas agus na mBallstát, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tá prionsabal na comhréireachta infheidhme de bhua Airteagal 5(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus de réir an phrionsabail sin ní ghníomhóidh an tAontas ach amháin mura féidir agus a mhéid nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta arna beartú a ghnóthú go leordhóthanach, bíodh sé ar leibhéal lárnach nó ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil, ach gur féidir, de bharr fhairsinge nó éifeachtaí na gníomhaíochta arna beartú, na cuspóirí sin a ghnóthú níos fearr ar leibhéal an Aontais.

Is é is aidhm don togra seo Cód Teorainneacha Schengen a leasú chun foráil a dhéanamh maidir le rialuithe córasacha a dhéanamh i mbunachair shonraí ábhartha, ag teorainneacha seachtracha, i leith daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, trí lánúsáid a bhaint as an teicneolaíocht ach gan bac a chur ar ghluaisteach trasteorann san am céanna.

Na seiceálacha a dhéantar ag teorannacha seachtracha, is ar mhaithe leis na Ballstáit ar fad a chuir deireadh le rialú teorann inmheánach (aithris 6 de Chód Teorainneacha Schengen) a dhéantar iad, agus tá siad ceaptha bheith ina gcuidiú cosc a chur ar aon bhagairt do shlándáil inmheánach na mBallstát. Dá bhrí sin, is de réir comhrialacha a chaithfear rialuithe dá leithéidí a dhéanamh.

Dá réir sin, an cuspóir arb é atá ann comhrialacha a bhunú maidir le raon feidhme agus cineál na seiceálacha a dhéantar ag teorainneacha seachtracha, ní féidir leis na Ballstáit leo féin iad a bhaint amach go leordhóthanach, agus is fearr is féidir iad a bhaint amach ag leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta.

- **Comhréireacht**

An fhaisnéis ar fad atá sna bunachair a ndéantar cuardach iontu, is faisnéis í a bhfuil baint aici leis an tslándáil inmheánach, agus na cásanna go léir ar siocair foláirimh i gCóras Faisnéise Schengen iad, is cásanna iad a bhaineann leis an tslándáil inmheánach a chaomhnú i dtíortha limistéar Schengen, limistéar nach ndéantar seiceálacha inmheánacha ann. Dá bhrí, níl sé thar an méid atá riachtanach chun ceann de na cuspóirí atá leis na rialuithe ag teorainneacha inmheánacha a bhaint amach seiceálacha córasacha a dhéanamh i mbunachair shonraí i leith daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais.

Tá dealú sa togra seo idir teorainneacha aeir seachtracha agus teorainneacha seachtracha de chineál eile, dealú a rinneadh chun aird a thabhairt ar an sreabhadh paisinéirí a bhíonn ag na cineálacha éagsúla teorainneacha seachtracha agus ar bhonneagar na dteorainneacha sin. Más amhlaidh, cuir i gcás, a d'fhéadfadh seiceálacha córasacha tionchar díréireach a imirt ar an sreabhadh tráchta ag teorainn, i ngeall ar bhonneagar agus sreabhadh paisinéirí na teorann sin, d'fhéadfaí scor de na seiceálacha córasacha ag teorainneacha talún agus farraige ar choinníoll go mbeadh measúnú riosca ann a léireodh nach dtiocfaidh rioscaí as sin don tslándáil inmheánach, don bheartas poiblí, ná do chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit

agus nach dtiocfadh bagairt don tsláinte phoiblí as. Ba cheart an measúnú riosca a chur chuig an nGníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ('Frontex' anseo feasta), agus ba cheart tuairisciú ina leith go rialta don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht sin araon. Ansin, is féidir le Frontex measúnú riosca agus leochaileachta a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil na forálacha sin á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit. Ina thuarascáil leathbhliantúil ar fheidhmiú limistéar Schengen, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar mhaoluithe is féidir a dhéanamh ar sheiceálacha ag pointe trasnaithe teorann talún agus farraige.

Maidir le seiceálacha a dhéanamh i leith náisiúnaigh tríú tír ar imeacht amach dóibh, cuirfear deireadh leis an bhféidearthacht atá ann faoi láthair gan seiceáil chórasach a dhéanamh ar chúiseanna oird phoiblí agus slándála inmheánaí. Ar an dóigh sin cuirfear an riail i dtaobh imeacht amach i gcomhréir leis an riail is i dtaobh teacht isteach, agus beidh sé d'oibleagáid seiceáil chórasach a dhéanamh i mbunachair shonraí sa dá chás. I gcomhréir le hIarscríbhinn VII, pointe 5.2 de Chód Teorann Schengen, ní dhéanfar ach seiceálacha randamacha ar oibrithe trasteorann a bhfuil aithne mhaith ag na gardaí teorann orthu, i ngeall ar iad a bheith ag trasnú an phointe trasnaithe teorann chéanna go minic, agus ar léirigh céadseiceáil ina leith nach bhfuil foláireamh amuigh orthu i gCóras Faisnéise Schengen ná i mbunachar sonraí náisiúnta. Déanfar seiceálacha críochnúla ar na daoine sin ó am go ham, gan fógra a thabhairt agus ar bhonn mírialta.

- **An rogha ionstraime**

Rialachán a leasú is aidhm don togra seo, agus níl aon ní a thugann le fios go mbeadh ionstraim nach Rialachán é oiriúnach chuige sin.

## 3. TORTHAÍ NA GCOMHAIRLIÚCHÁN

Ó bhí earrach 2014 ann, tráth a rinneadh an t-ionsaí sceimhleitheoireachta ar mhúsaem na nGiúdach sa Bhruiséil as ar eascair plé faoi conas dul i ngleic le trodaithe sceimhlitheoireachta eachtracha, tá sé beartaithe plé a dhéanamh ar sheiceáil chórasach a dhéanamh i mbunachair shonraí ábhartha i leith saoránaigh den Aontas agus i leith daoine eile ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus teorainn sheachtrach á trasnú acu, tá an cheist sin ar an gclár oibre.

Chun deimhin a dhéanamh go ndéanfaí, sa bhliain go leith atá imithe thart ó shin, bearta slándála inmheánacha a chur i bhfeidhm bheadh oiriúnach, infheidhme láithreach agus níos éifeachtaí laistigh de dhlíthe an Aontais atá ann cheana, d'ullmhaigh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, moltaí a bhí ceaptha feabhas a chur ar sheiceálacha ag teorainneacha seachtracha agus seiceálacha níos mionsonraithe sna bunachair shonraí ábhartha a thabhairt isteach i leaba chéile, i gcás ina léireodh measúnú riosca go mbeadh sin oiriúnach. I ndiaidh na n-ionsaithe ar Charlie Hebdo agus i ndiaidh an iarratais a rinne an Chomhairle an 12 Márta 2015, ceapadh comhtháscairí riosca chun gurbh fhusa seiceálacha spriocdhírithe a dhéanamh agus dáileadh na comhtháscairí sin ar na gardaí teorann. I Meitheamh 2015 leasaíodh an Lámhleabhar Praiticiúil do Ghardaí Teorann chun na moltaí thuasluaite a chur san áireamh[5].

Pléadh an cheist seo roinnt uaireanta ag cruinnithe den Mheitheal Teorainneacha in 2014 agus in 2015, agus i Meán Fómhair 2015 chuir Uachtaránacht Lucsamburg faisnéis faoin dul chun cinn a bhí déanta ina leith[6].

[5] C (2015) 3894, 15.6.2015.

[6] 12540/15.

Is freagairt dhíreach an togra seo ar an iarratas a rinne an Chomhairle an 20 Meán Fómhair 2015 Cód Teorann Schengen a leasú i bhfianaise na n-ionsaithe sceimhlitheoireachta a rinneadh i bPáras an 13 Samhain 2015.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaíonn an leasú atá beartaithe na cearta bunúsacha agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, an ceart chun meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh (Airteagal 7), cosaint sonraí pearsanta (Airteagal 8) agus saoirse gluaiseachta agus saoirse cónaithe (Airteagal 45). Leanfaidh d'fheidhm a bheith ag Airteagal 3a de Chód Teorann Schengen.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí do bhuiséad an Aontais ag an leasú atá beartaithe.

## EILIMINTÍ EILE

- **Socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Is le Cód Teorann Schengen a bhaineann an leasú atá beartaithe, rud a ndéantar meastóireacht ar a chur i bhfeidhm le sásra meastóireachta Schengen, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle[7] (Airteagal 37a), gan dochar do ról an Choimisiúin mar chaomhnóir na gConarthaí (Airteagal 17(1) den Conradh ar an Aontas Eorpach).

- **Míniú mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Leis an leasú atá beartaithe cuirfear isteach in Airteagal 7(2) an oibleagáid seiceálacha córasacha a dhéanamh i leith daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais (i.e. saoránaigh den Aontas agus daoine dá dteaghlach nach saoránaigh den Aontas iad) i mbunachair shonraí ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh agus a cailleadh agus, ina theannta sin, fíorú a dhéanamh nach bagairt na daoine sin don ord poiblí ná don tslándáil inmheánach. Beidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le gach teorainn sheachtrach, is é sin gach teorainn aeir, farraige agus talún. Mar sin féin, más amhlaidh a d'fhéadfadh tionchar díréireach ar an sreabhadh tráchta ag an teorainn a bheith mar thoradh ar sheiceáil chórasach a dhéanamh i mbunachair shonraí i leith gach duine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige, féadfaidh na Ballstáit gan ach seiceálacha spriocdhírithe a dhéanamh sna bunachair shonraí ar choinníoll go léireodh measúnú riosca nach dtiocfaidh rioscaí as sin don tslándáil inmheánach, don bheartas poiblí, ná do chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit agus nach dtiocfaidh bagairt don tsláinte phoiblí as.

Ba cheart an measúnú riosca a chur chuig Frontex agus ba cheart tuairisciú ina leith go rialta don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht sin araon. Ina thuarascáil leathbhliantúil ar fheidhmiú limistéar Schengen, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar mhaoluithe is féidir a dhéanamh ar sheiceálacha teorann.

Ina theannta sin, athneartóidh an togra seo na seiceálacha is gá a dhéanamh ar na haitheantóirí bithmhéadracha a tugadh isteach le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle. Leis an Rialachán sin tugadh isteach íomhá den aghaidh agus méarloirg mar ghnéithe slándála i

[7] Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um measúnú agus cur chun feidhme Schengen (IO L 295, 6.11.2013, lch. 27).

bpasanna shaoránaigh den Aontas Eorpach d'fhonn iad a dhéanamh níos sláine agus nasc iontaofa a dhéanamh idir an sealbhóir agus an pas. Dá bhrí sin, i gcás amhras faoi bharántúlacht an phas nó faoi chéannacht an tsealbhóra, ba cheart do ghardaí slándála na haitheantóirí bithmhéadracha sin a fhíorú.

Ina cheann sin, cuirfidh an togra deireadh leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit gan seiceáil a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír ar imeacht amach dóibh, agus ar an dóigh sin cuirfear Airteagal 7(3)(b) agus (c) i gcomhréir leis an oibleagáid atá ann faoi láthair seiceáil chórasach a dhéanamh i mbunachair shonraí i leith náisiúnaigh tríú tír ar theacht isteach dóibh.

2015/0307 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán Uimh. 562/2006 (CE) a fhad a bhaineann le hathneartú seiceálacha i mbunachair shonraí ábhartha ag teorainneacha seachtracha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá rialú ag teorainneacha seachtracha fós ar cheann de na príomhchosaintí atá ag an limistéar nach ndéantar rialuithe ag teorainneacha seachtracha ann. Is ar mhaithe leis na Ballstáit uile a dhéantar an rialú sin. Ceann de na cuspóirí atá ag an rialú is ea cosc a chur le haon bhagairt do shlándáil inmheánach agus do bheartas poiblí na mBallstát, beag beann ar bhunús na bagairte.

(2) Léiríonn feiniméan na dtrodaithe sceimhlitheoireachta eachtracha, ar saoránaigh den Aontas go leor acu, gur gá na seiceálacha a dhéantar ag teorainneacha an Aontais a neartú a fhad a bhaineann le saoránaigh den Aontas.

(3) Dá bhrí sin, maidir le cuid doiciméad daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, ba cheart seiceáil chórasach a dhéanamh ina leith i mbunachair shonraí ábhartha ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh, a mí-leithghabháladh, a cailleadh agus rinneadh neamhbhailí, chun cosc a chur ar dhaoine a bheith ag ceilt a bhfíorchéannachta.

(4) Ar an gcúis chéanna, maidir le daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, ba cheart do ghardaí teorann seiceáil chórasach a dhéanamh orthu siúd freisin i mbunachair shonraí ábhartha náisiúnta agus Eorpacha d'fhonn a dheimhniú nach bagairt iad don tslándáil inmheánach ná don bheartas poiblí.

(5) De bharr forbairtí teicneolaíochta, is féidir, i bprionsabal, na bunachair shonraí ábhartha a cheadú gan moill a chur ar thrasnú na teorann, ráite gur féidir na rialuithe ar dhoiciméid agus ar dhaoine a dhéanamh san am céanna. Is féidir, dá bhrí sin, gan cur as do dhaoine atá ag taisteal de mheon macánta, seiceálacha ag teorannacha seachtracha a neartú chun gur fearr gur féidir na daoine sin a shainaithint a bhfuil rún acu a bhfíorchéannacht a cheilt nó a bhfuil amuigh ina leith foláireamh ábhartha ar chúiseanna slándála nó foláireamh ábhartha gabhála. Ba cheart seiceálacha córasacha a dhéanamh ag gach teorainn sheachtrach. Mar sin féin, dá bhféadfadh seiceálacha córasacha ag teorainneacha talún agus farraige tionchar díréireach a imirt ar an sreabhadh tráchta ag an teorainn, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit gan seiceálacha córasacha a dhéanamh i mbunachair shonraí, i gcás ina léireodh measúnú

riosca nach dtiocfadh aon riosca slándála as an maolú sin ar na seiceálacha, agus sa chás sin amháin. Ba cheart measúnú riosca dá leithéid a chur chuig an nGníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004[8] ón gComhairle agus ba cheart tuairisciú ina leith go rialta don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht sin araon.

(6) Le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle[9], thug an tAontas isteach íomhá den aghaidh agus méarloirg mar ghnéithe slándála i bpasanna shaoránaigh den Aontas. Rinneadh sin chun pasanna a dhéanamh níos sláine agus chun nasc iontaofa a dhéanamh idir an sealbhóir agus an pas. Ba cheart do na Ballstáit na haitheantóirí bithmhéadracha sin a fhíorú i gcás amhras faoi bharántúlacht an phas nó faoi chéannacht a shealbhóra.

(7) Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

(8) Tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit seiceáil chórasach a dhéanamh i ngach bunachar sonraí i leith náisiúnaigh tríú tír ar theacht isteach do na daoine sin. Ba cheart a áirithiú go ndéanfaí an tseiceáil sin go córasach ar imeacht amach dóibh freisin.

(9) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin na seiceálacha a dhéantar i mbunachair shonraí ag teorainneacha seachtracha a athneartú i ngeall go háirithe ar mhéadú na bagartha sceimhlitheoireachta, rud a bhaineann le ceann de chosaintí an limistéir gan rialú teorann inmheánach agus dá bhrí sin a bhaineann le feidhmiú ceart limistéar Schengen, ós rud é nach féidir leo sin a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ó tharla go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh faoin Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.

(11) Is forbairt é an Rialachán seo ar fhorálacha *acquis* Schengen, forálacha nach nglacann an Ríocht Aontaithe páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón

---

[8] Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2004 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (IO L 349, 25.11.2004, lch. 1).

[9] Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do bhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1).

[10] Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an gceart atá ag saoránaigh an Aontais agus ag daoine dá dteaghlaigh chun gluaiseacht agus cónaí a dhéanamh faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

gComhairle[11]; Dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(12) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen, forálacha nach nglacann Éire páirt iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle[12]; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sé ina cheangal uirthi ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

(13) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt[13], ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle[14].

(14) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[15] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle[16].

(15) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen, de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen[17] a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/ AE ón gComhairle[18].

---

11 Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

12 Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn páirt a ghlacadh i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

13 IO L 176, 10.07.1999, p.36

14 Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.07.1999, lch. 31).

15 IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

16 Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontuithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

17 IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

18 Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

(16) A fhad a bhaineann le húsáid Chóras Faisnéise Schengen, is éard atá sa Rialachán seo gníomh a chuireann le *acquis* Schengen, nó a bhaineann leis an *acquis* sin ar shlí eile, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003 agus bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011, faoi seach.

(17) Urramaíonn an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus comhlíonann sé na prionsabail a aithnítear go sainráite le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(18) Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19] a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"(2) Ar theacht isteach agus ar imeacht amach dóibh, beidh daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaisteachta faoi réir na seiceálacha seo a leanas:

(a) fíorú a gcéannachta agus a náisiúntachta agus fíor bailíocht agus barántúlacht a ndoiciméid taistil, fíorú a dhéanfar trí na bunachair shonraí ábhartha a cheadú, iad seo a leanas go háirithe:

(1) Córas Faisnéise Schengen;

(2) bunachar sonraí Europol ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a cailleadh agus a goideadh;

(3) bunachair shonraí náisiúnta ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh, a mí-leithghabháladh, a cailleadh agus rinneadh neamhbhailí

(b) fíorú a dhéanamh nach meastar duine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaisteachta faoi dhlí an Aontais a bheith ina bhagairt don tslándáil inmheánach, don bheartas poiblí, do chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit ná don tsláinte phoiblí, lena n-áirítear trí bhunachair sonraí ábhartha de chuid an Aontais agus bunachair shonraí ábhartha náisiúnta a cheadú, Córas Faisnéise Schengen go háirithe.

I gcás ina bhfuil amhras faoi bharántúlacht an doiciméid taistil nó faoi chéannacht a shealbhóra, ar cheann de seiceálacha a dhéanfar beidh fíorú na n-aitheantóirí bithmhéadracha atá ionchorpraithe i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle*.

Más amhlaidh, i gcás teorainneacha farraige agus talún, a d'fhéadfadh na seiceálacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus (b) den chéad fhomhír tionchar díréireach a imirt ar an sreabhadh tráchta, féadfaidh na Ballstáit na seiceálacha sin a dhéanamh ar bhonn spriocdhírithe, bunaithe ar mheasúnú ar na rioscaí a bhaineann leis an tslándáil inmheánach, leis an mbeartas poiblí, le caidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit nó le bagairt don tsláinte phoiblí.

[19] Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (IO L 105, 13.4.2006, lch. 1).

Cuirfidh gach Ballstát a mheasúnú riosca chuig an nGníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh arna bunú le Rialachán (CE) Uimh. 2007/2004 agus gach trí mhí tuairisceoidh sé don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht sin i dtaobh chur i bhfeidhm na seiceálacha a rinneadh ar bhonn spriocdhírithe.

---

* Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do bhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit (IO L 385, 29.12.2004, lch. 1)."

(b) I mír 3(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (iii):

"(iii) fíorú a dhéanamh nach measter an náisiúnach tríú tíortha i gceist a bheith ina bhagairt don bheartas poiblí, don tslándáil inmheánach ná do chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit, lena n-áirítear trí bhunachair sonraí ábhartha de chuid an Aontais agus bunachair shonraí ábhartha náisiúnta a cheadú, Córas Faisnéise Schengen go háirithe.

(c) I mír 3, scriostar pointe (b);

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |